



PREASÉISIÚINT Uimh. 189/22

Lucsamburg, an 22 Samhain 2022

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-69/21 | Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Aistriú – Cannabais teiripeach)

Ní fhéadfar náisiúnach tríú tír atá buailte le tinneas tromchúiseach a aistriú i gcás, in éagmais cóireáil iomchuí sa tír cinn scríbe, go mbeadh baol ann go dtiocfadh méadú tapa, suntasach agus doleigheasta ar an bpian a bhaineann leis an tinneas sin

Tá cóir leighis á cur san Ísiltír faoi láthair ar náisiúnach Rúiseach a bhfuil cineál neamhchoitianta ailse fola air a tholg sé in aois a shé bliana déag. Is é atá ina chóir leighis ná cannabais theiripigh a thabhairt dó chun críoch anailgíseach. Níl sé údaraithe sa Rúis an chóir leighis cannabais theiripigh sin a thabhairt.

Rinne an náisiúnach sin roinnt iarratas ar thearmann a thaisceadh san Ísiltír, ar diúltaíodh an ceann deireanach díobh in 2020, agus thug sé caingean os comhair rechtbank Den Haag (Cúirt Dúiche na Háige) i gcoinne an chinnidh um fhilleadh a glacadh ina choinne. Measann sé nach mór doiciméad cónaithe a eisiúint dó nó, ar a laghad ar bith, go gcaithfear cur siar a aistrithe a dheonú ar an bhforas go bhfuil an chóireáil anailgíseach cannabais theiripigh, a chuirtear air san Ísiltír, chomh riachtanach sin dó nach mbeadh sé in ann saol fóna a bheith aige a thuilleadh dá scorfaí den chóireáil sin.

Chinn Cúirt Dúiche na Háige a fhiafraí den Chúirt Bhreithiúnais, go bunúsach, an gcuirtear cosc le dlí an Aontais¹ ar chinneadh um fhilleadh nó ordú aistrithe a dhéanamh i gcás den sórt sin.

Sa bhreithiúnas a thug sí inniu, cinneann an Chúirt, i bhfianaise a cásdlí féin agus chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, **go gcuirtear cosc ar Bhallstát, le dlí an Aontais, ar chinneadh um fhilleadh nó ar ordú aistrithe a dhéanamh maidir le náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach agus atá buailte le tinneas tromchúiseach**, i gcás ina bhfuil cúiseanna dáiríre agus cruthaithe ann le creidiúint go bhfágfaí an náisiúnach tríú tír sin, i gcás fillleadh, toisc nach bhfuil cóireáil iomchuí ar fáil sa tír cinn scríbe, i bhfíor-bhaol go dtiocfadh méadú tapa, suntasach, agus doleigheasta ar an bpian arbh éard ba chúis léi ná a thinneas.

Leis an gcoinníoll sin, glactar leis, go háirithe, nach mór a chruthú, sa tír cinn scríbe, nach bhféadfaí an t-aon chóireáil anailgíseach amháin atá éifeachtach a chur air go dleathach agus go bhfágfaí é, mar gheall ar easpa a leithéide de chóireáil, gan chosaint ar phian chomh dian sin go mbeadh sí ar neamhréir le dínit an duine agus go mbeadh sí ina cúis le fadhbanna meabhracha tromchúiseacha agus doleigheasta, fiú le tabhairt air é féin a mharú.

¹ Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a chur ar ais (IO 2008, L 348, lch. 98), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 1 (dínit an duine), 4 (toirmeasc ar chéastóireacht agus ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach) agus le hAirteagal 19(2) (maidir le cosaint i gcás ina dtarlaíonn aistriú) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Maidir leis an gcritéar tapúlachta, dearbhaíonn an Chúirt go gcuirtear cosc le dlí an Aontais gur dócha go dtarlóidh an méadú ar phian náisiúnaigh trídís tír, i gcás fillleadh, laistigh de thréimhse a réamhchinntear ar bhealach daingean le dlí an Bhallstáit lena mbaineann. I gcás ina socraíonn na Ballstáit tréimhse ama, ní mór di a bheith ina tasc amháin agus ní dhíolmhófar an t-údarás náisiúnta inniúil ó scrúdú nithiúil a dhéanamh ar chás an duine lena mbaineann.

Maidir le meas ar shaol príobháideach an duine lena mbaineann², lena n-áirítear cóir leighis a chur ar náisiúnach trídís tír, fiú má tá sé ag fanacht go neamhdhleathach, is é breith na Cúirte nach bhféadfaidh an t-údarás náisiúnta inniúil cinneadh um fhilleadh a ghlacadh nó náisiúnach trídís tír a aistriú ach amháin má chuireann sé a shláinte san áireamh.

Mar sin féin, ní fhéadfaí cosc a chur ar chinneadh um fhilleadh nó ordú aistrithe a bhaineann leis an náisiúnach sin a ghlacadh, toisc, i gcás fillleadh, nach ionann an chóireáil a bheidh aige agus an chóireáil a chuirtear air sa Bhallstát ina bhfuil sé ag fanacht go neamhdhleathach a thuilleadh, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh, mar sin, go háirithe, d'fhorbairt a gcaidreamh sóisialta sa tír cinn scríbe, agus dá thoisc sin amháin, i gcás nach bhféadfaidh easpa cóireála den sórt sin sa tír cinn scríbe an duine i bhfíor-bhaol maidir le hidé atá mídhaonna nó táireach.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán](#) an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA lá a fhógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3555

Is féidir íomhanna d'fhógairt an bhreithiúnais a fháil ó "[Europe by Satellite](#)" ☎ (+32) 2 2964106

Bígí nasctha!



² De réir bhrí Airteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha.